# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**7ú Meitheamh 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

**AIFRINN NA SEACHTAINE**

**06.06** Satharn 11 r.n.
Margaret Sweeney,Bealtaine (Cuimh Míosa)
An Chéad Satharn - Faoistin 10.15-11.00.
Comaoineach. Paidrín. 15 bomaite ag machnamh ar Rún Diamhair an Chreidimh
**06.06** Satharn 12.30 i.n. Baisteadh
**06.06** Satharn
Sadie O'Brien,Machaire Rabhartaigh/Caoldroim
**07.06** Domhnach 9 r.n.
**07.06** Domhnach 11 r.n.
Peadar Conaghan,Mín Lárach
**08.06** Luain 7 i.n.
**09.06** Máirt 10 r.n.
**09.06 Máirt 10.30 r.n.**
**24 Uair den Shacraimint Bheannaithe**
Dé Máirt 09.06.26 @10.30rn go dtí an Chéadaoin 10.06.26 @10.30rn, is tréimhse é do chreideamh, bheatha, theaghlaigh, agus do shíocháin ar fud an domhain.
**10.06** Céadaoin 7 i.n.
**11.06** Déardaoin 7 i.n.
**12.06** Aoine 7 i.n
**13.06** Satharn 7 i.n.
Rose Curran, Gort a'Choirce
**14.06** Domhnach 9 r.n.
**14.06** Domhnach 11 r.n.
Joe, Betty agus Michael Woods, Fána Bhuí

**BÁS LE GAIRID**
John Ó Gallchóir, Dún Luiche
Rosaleen Smyth,Cill Ulta
John Joe Mc Cafferty, Glais a'Chú
**CUIMHNEACHÁIN BÁIS**
Mary Eoin Mhic Pháidín, Mín Lárach

Beidh Aifreann Cuimhneacháin Michael Woods ann ar an Domhnach seo 07/06/26,ag 10.30 r.n. ar an fhaiche(Green) in Eastát Ballina, An Fál Carrach.

**THE IRISH CATHOLIC**
- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE**
**Dé Domhnaigh 7.00 i.n.**

CRUINNIÚ AIRGID
Tógadh €1,560 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**FÉILE CHORP CHRÍOST A**

**AN CHÉAD LÉACHT**
**Sliocht as leabhar Deotranaimí. 8:2-3, 14-16.**
Dúirt Maois leis an phobal: "Cuimhnigh ar an dóigh a threoraigh an Tiarna do Dhia thú le daichead bliain san fhásach, le thú a umhlú, le triall a chur ort, agus eolas a chur ar rún do chroí-féachaint an gcoinneofá a aitheanta nó nach ndéanfá. D'umhlaigh sé thú, d'fhág ocrach thú agus chothaigh thú le manna nárbh eol duit féin ná do do shinnsir, chun a chur in iúl duit nach ar arán amháin a mhaireann an duine ach ar gach ní a thig ó bhéal Dé." "Ná déan dearmad, mar sin, ar an Tiarna do Dhia a thug thú amach as tír na hÉigipte , as teach na daoirse; a threoraigh thú fríd an fhásach mór uafásach seo, dúiche nathracha nimhe, scairpeannaí agus tart; a thug uisce duit as an gcarraic chruaigh san áit thirim seo; a chothaigh san fhásach thú le manna nárbh eol do do shinnsir." **Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM**
Mol an Tiarna, a Iarúsailéim.

**AN DARA LÉACHT**
**Sliocht as céad litir Naomh Pól chuig na Coirintigh. 10:16-17.**
A bhráithre, 'cupa an bheannaithe' a bheannaímid, nach rannpháirtíocht i bhfuil Chríost é? An t-arán a bhrisimid nach rannpáirtíocht i gcorp Chríost é? Ó nach bhfuil ann ach aon arán amháin, níl ionainne, dá líonmhaire sinn, ach aon chorp amháin de bhrí go gcaithimid go léir an t-arán céanna. **Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**ALLELUIA**
**Alleluia, alleluia!**
Is mise an t-arán beo a tháinig anuas ó neamh, a deir an Tiarna. Má itheann duine an t-arán seo mairfidh sé go deo. Alleluia!

**SOISCÉAL**
**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Eoin. 6:51-58.**
San am sin dúirt Íosa leis na sluaite: "Is mise an t-arán beo a tháinig anuas ó neamh. Má itheann duine an t-arán seo mairfidh sé go deo agus an t-arán a bhéarfaidh mise uaim is é mo chuid feola é, ar son bheatha an domhain." Bhí na Giúdaigh ag aragáil le chéile ag rá: "Caidé mar is féidir don duine seo a chuid feola a thabhairt dúinn le hithe?" Dúirt Íosa leo:

"Amen, Amen, a deirim libh, muna n-ithe sibh feoil Mhac an Duine agus a chuid fola a ól, ní bheidh beatha agaibh ionaibh féin. An té a itheann mo chuid feola agus a ólann mo chuid fola, tá an bheatha shíoraí aige agus tógfaidh mé suas é an lá deireannach. Is bia go fíor mo chuid feola agus is deoch go fíor mo chuid fola. An té a itheann mo chuid feola agus a ólann mo chuid fola, cónaíonn sé ionamsa agus cónaímse ann. Mar a chuir an tAthair beo mise uaidh agus mairim-se fríd an Athair, an té a itheann mise, mairfidh seisean fríom-sa mar a gcéanna. Is é seo an t-arán a tháinig anuas ó neamh. Ní mar a d'ith bhur n-aithreacha an manna agus fuair siad bás. An té a itheann an t-arán seo, mairfidh sé go deo." **Soiscéal an Tiarna.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**
**Dé Sathairn** 04/06 @ 7.00 Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh** 05/06 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh
**Dé Domhnaigh** 05/06 @ 11.00: Jenna Nic Fhionnlaoich

**Dé Sathairn** 13/06 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh** 14/06 @ 9.00:
**Dé Domhnaigh** 14/06 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**LÉITHEOIRÍ - Meitheamh**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Eibhlín Ní Chuireáin (Scanlon)
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Dolores Mhic Géidigh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus Ó Briain
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Meitheamh**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Tom Feeney & Nóra Coyle
Dé Domhnaigh @ 9 r.n.Bríd Mc Curry & Nóirín Nic Aoidh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus Ó Briain & Pearse O'Reilly

**BANC BIA CHLOICH CHEANN FHAOLA**
Tá am deacair ann do go leor daoine faoi láthair. Má tá tú ag streachailt le bia a chur ar an tábla, tá Banc Bia Chloich Cheann Fhaola CLG anseo le cuidiú leat. Téigh i dteagmháil linn le do thoil:
Déan teagmháil le hEilish: Glaoigh nó téacsáil 085 756 0177
Ríomhphost: ccffoodbank2@gmail.com
Tar isteach: Achan Déardaoin, 10rn – 12in, ag Halla Áras Begley, An Fál Carrach.

Mórshiúl ar son na beatha, na saoirse agus an chreidimh. Dé Sathairn 04.07.26 @1.30in ag Halla Cathrach Bhéal Feirste

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -**
Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.
PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh 7.00 i.n

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**
Dé Luain: Glígíní (Grúpa Tuismitheorí & Tachráin) 10-11.30 r.n.
Dé Máirt Damhsa Líne @ 6.30 -8
Dé Céadaoine: Mná Phort Mhaise @ 10-12 r.n
Déardaoin: Aeróbaice Chathaoir @ 11-12 i.n. Aeróbaic Chéime @ 12-12.30
Bhain Helena Uí Ghallchóir €140 ar an 50/50, comhghairdeachas. Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692

CUMANN N. UINSIONN DE PÓL – Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 19659

**DÁTAÍ DON DIALANN**
**26.07.2026–Seirbhís na Reiligí @2.00 i.n.**

Beidh foghlaimeoirí Gaeilge ó Chumann Cultúrtha Mhic Reachtain, Béal Feirste ag stopadh i nGort a' Choirce an deireadh seachtaine seo. Beidh ranganna Gaeilge acu sa halla, beidh siúlóid acu sa cheantar agus ceol beo oíche Aoine agus oíche Shathairn san Óstán agus i dTigh Bhillie. Cuirimid fáilte rompu agus tá súil againn go mbeidh am ar dóigh acu i gCloich Cheann Fhaola.

**Tobar Cholmcille**
Beidh Seirbhís Idir-eaglaise (Éacúiméineach) ag Tobar Cholmcille ar an Ardaí Bheag, ar an Dé Máirt seo an 9ú Meitheamh 2026 ar an 7.30.pm. Tá seo á eagrú ag Cumann Staire agus Seanchais Chloich Cheann Fhaola. Failte roimh an phobal

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**
Lotto: Comhghairdeachas le Loretto & Margaret as Newry a bhain an póta óir €3700 .B'iad 6-9-11-13-18-20 na huimhreacha.Póta óir anois €3,000